**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric ollmhóra faoi Dhomhareacha**

**Fíric a hAon**
Is é an dobhareach ceann de na hainmhithe is mó ar Domhan. Go deimhin, glactar leo mar an dara ainmhí talún is mó ar Domhan (is í an eilifint an t-ainmhí is mó!). D'fhéadfadh an dobhareach fireann a bheith 3.5m ar fad agus 1.5m ar airde, agus d'fhéadfadh sé a bheith suas le 3,200 cileagram meáchain. B'ionann é sin agus trí charr bheaga!

**Fíric a Dó**
Is breá leis an dobhareach dul ar shiúlóidí fada…ar íochtar lochanna! Tá an dobhareach breá ábalta a anáil a choinneáil istigh, sách fada chun cúig nóiméad a chaitheamh ag siúl faoin uisce!

**Fíric a Trí**
Bíonn cuma ghleoite orthu, ach tá an dobhareach i measc na mamach is contúirtí dá bhfuil ann. Tá fiacla acu a d'fhéadfadh a bheith 20 orlach ar fad agus bíonn fonn troda orthu.

**Fíric a Ceathair**
Ag titim na hoíche, fágann an dobhareach an áit uisceach a gcaitheann sé an lá, tugann sé aghaidh ar an talamh agus siúlann sé chomh fada le 5 mhíle (8 gciliméadar) ón uisce chun féar gearr a ithe, an príomhchineál bia a itheann sé. Ní ainmhithe a ghluaiseann go tapa iad, ach is féidir leo achar 30 míle (48 ciliméadar) a rith i dtréimhsí gearr!

**Fíric a Cúig**
Chun fanacht deas fuar i dteas marfach na hAfraice, is breá leis an dobhareach formhór an lae a chaitheamh in aibhneacha agus i lochanna. Tá a shúile, a shrón agus a chluasa ar bharr a chinn, rud a chiallaíonn gur féidir leis rudaí a fheiceáil agus anáil a tharraingt fad is a bhíonn sé faoin uisce. Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn na hainmhithe seo ag cur allais feictear leacht dearg olúil a chabhraíonn chun a gcraiceann a chosaint ar thriomú amach – agus tá sé cosúil le grianbhac freisin! Iontach spéisiúil, nach bhfuil?

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric sin faoi dhobhareacha. Feicfidh mé arís sibh!

